


# Staidéar Gnó





| An staidéar gnó (fir) | Sampla | Míniú ar an riail ghramadaí |
|---|---|---|
| An tuiseal ainmneach / cuspóireach | Is maith liom **an staidéar gnó**. | Focal firinscneach sa chéad díochlaonadh is ea **staidéar**. Níl aon gá le séimhiú ná urú anseo, ach dá mbeadh, ní féidir ceachtar acu a úsáid le **st** ag tús focail. |
| An tuiseal tabharthach     | Tá scrúdú againn **ar an staidéar gnó** inniu. | **Réamhfhocal + an + urú ar chonsan** (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) **Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.** |
| | Tá scrúdú againn **ar an staidéar gnó** inniu. | **Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan** (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) **Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta**. |
| An tuiseal ginideach | Leabhar staidéar gnó<br>Leabhair staidéar gnó | Ní gá **staidéar** a chur sa ghinideach i gceachtar den dá chás mar go bhfuil gnó ina dhiaidh. |

## EOCHAIRFHOCAIL DON STAIDÉAR GNÓ

| **A** | |
|---|---|
| Acmhainn  | Rud a chabhraíonn leat sprioc a bhaint amach. Bíonn acmhainní éagsúla ann, m.sh. acmhainní nádúrtha, acmhainní fisiciúla, acmhainní daonna. |
| Acmhainn nádúrtha | Acmhainn atá ar fáil ón nádúr, m.sh. **uisce, aer, gaoth**. |
| Amráta  | Ráta pá le haghaidh am áirithe oibre, m.sh. **€10 san uair**. |
| Asbhaint -€ | Suim airgid a thógtar ó do phá. Bíonn cineálacha éagsúla asbhaintí ann, mar a fheictear thíos. |
| Asbhaint reachtúil  | Asbhaint a thógann an Stát, m.sh. **cáin ioncaim**. |
| Asbhaint shaorálach | Asbhaint a roghnaíonn an duine féin, m.sh. **árachas sláinte**. |

| | |
|---|---|
| **B** | |
| Brabús  | Airgead a dhéanann duine trí earra nó seirbhís a dhíol, m.sh. an brabús a dhéanann duine trí cháćaí a dhéanamh ar €2 agus iad a dhíol ar €3. |
| Bréagbharainneacht | Margadh bréagach atá i gceist leis seo. Ar dtús, ceapann tú go bhfuil margadh maith á fháil agat, ach san iomlán ní fhaigheann tú luach do chuid airgid. |
| Buiséad  | Plean ioncaim agus caiteachais don am atá le teacht. Ullmhaíonn teaghlaigh, gnólachtaí agus an rialtas buiséad. |
| Bunphá  | An pá a fhaigheann tú, gan aon bhónas ná íocaíocht bhreise curtha leis. |
| **C** | |
| Cáin | Airgead a thógann an rialtas chun seirbhísí a chur ar fáil don phobal. |
| Caiteachas  | An t-airgead a chaitheann an duine aonair, gnólacht, nó an rialtas. |
| Caiteachas caipitiúil  | Airgead a chaitheann tú ar rudaí a mhaireann i bhfad, m.sh. **teach, carr**. Go minic, is rudaí móra fisiciúla iad. |
| Caiteachas neamhrialta  | Caiteachas a tharlaíonn anois agus arís agus a bhíonn éagsúil i gcónaí, m.sh. **bille leictreachais a bhíonn éagsúil gach mí**. |
| Caiteachas rialta  | Nuair a bhíonn an caiteachas céanna agat gach seachtain nó gach mí, m.sh. **morgáiste nó cíos**. |
| Cíos  | Íocann tú cíos leis an tiarna talún mura bhfuil do theach féin agat.. |
| Coigilteas  | Airgead atá sábháilte nó curtha i dtaisce agat, m.sh. **airgead a fhaigheann tú do do bhreithlá**. |

| | |
|---|---|
| **C** (ar lean) | |
| An coimisiún  | Céatadán (%) den bhrabús a fhaigheann daoine, a bhíonn ag obair ag díol earraí nó seirbhísí. |
| **D** | |
| Deischostas  | An costas atá ar an dara rogha (an méid a chaillfidh tú amach air), má bhíonn ort rogha a dhéanamh, m.sh. má roghnaíonn tú d'obair bhaile a dhéanamh ní féidir leat an t-am sin a úsáid le féachaint ar an teilifís. |
| Duillín pá  | An píosa páipéir a fhaigheann tú le do phá - a thaispeánann cé mhéad airgid atá tuillte agat agus cé mhéad cánach atá íoctha agat. |
| **E** | |
| Easnamh  | Nuair atá an caiteachas níos mó ná an t-ioncam i mbuiséad, m.sh. **caiteachas > ioncam**. |
| **F** | |
| | |
| **G/H** | |
| | |
| **I/ J/K** | |
| Ioncam  | Airgead a fhaigheann tú thar thréimhse faoi leith. Cineálacha ioncaim iad seo: **pá, sochar linbh, pinsean**. |
| Ioncam indiúscartha | An t-airgead atá fágtha nuair a thógtar na hasbhaintí go léir ó do phá. |
| Ioncam roghnaitheach | Ioncam atá fágtha tar éis na n-íocaíochtaí riachtanacha. |
| **L** | |
| Litearthacht airgeadais | Nuair a thuigeann tú cúrsaí airgid. Nuair atá tú stuama le hairgead agus nuair a chaitheann tú airgead go ciallmhar. |
| **M** | |
| Mian | Rud éigin ba mhaith leat, ach nach bhfuil riachtanach duit, m.sh. **seacláid**. |
| **N** | |
| | |
| **O** | |
| | |

| | |
|---|---|
| **P/Q** | |
| Pá comhlán | An pá iomlán a fhaigheann duine, gan aon asbhaint tógtha as. |
| Pinsin  | Suim airgid a fhaigheann tú nuair atá tú aosta agus éirithe as obair ar bhonn lánaimseartha. |
| **R** | |
| Ragobair  | Obair bhreise a dhéanann duine, tar éis 39 uair an chloig. Is minic a fhaigheann tú ráta éagsúil pá don obair seo. |
| Riachtanas  | Rud atá ag teastáil le maireachtáil. Ní féidir leat maireachtáil gan é, m.sh. **aer, bia, uisce**. |
| **S** | |
| Sochar comhchineáil  | Earra nó seirbhís éigin, nach airgead é, a fhaigheann tú mar íocaíocht, m.sh. **carr comhlachta**. |
| Sochar linbh  | Faigheann tuismitheoirí é seo ón Stát nuair atá páistí acu. Is suim airgid sheachtainiúil é. |
| **T** | |
| Tascráta  | Ráta pá a fhaigheann tú nuair a dhéanann tú tasc éigin, m.sh. **€10 as gach 1000 nuachtán a dháileadh**. |
| Tobcheannach  | Nuair a cheannaíonn tú earra nó seirbhís gan smaoineamh faoi, m.sh. téann tú isteach sa siopa le haghaidh bainne, agus tagann tú amach le mála mór milseán freisin. |
| Tuarastal | Airgead a fhaigheann tú nuair atá post buan agat. Is suim airgid bhliantúil é, m.sh. **€35,000**. |
| **U/V/W/X/Y/Z** | |
| | |

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |